

—2009—

An Choirnis agus an Ghaeilge— Ceacht nó Rabhadh?

N.J.A. Williams

(CATHAOIRLEACH: ALAN TITLEY)

Sna 1960í agus mé i mo chónaí i Sasana ba nós liom cuairt a thabhairt ar Chorn na Breataine chun páirt a ghlacadh in imeachtaí a bhain leis an gCoirnis. Ba é an rud ba mhó a thug mé faoi deara, a laghad Coirnise a bhí á labhairt. Bhí eolas réasúnta maith ag roinnt daoine ar an gCoirnis, ach is beag duine a bhí sásta í a úsáid i gcomhrá. Bhí socraithe agam faoin mbliain 1967 teacht go Baile Átha Cliath le glacadh le scoláireacht in Institiúid Ard-léinn Bhaile Átha Cliath. Bhí mé ag glacadh páirte ag tús Mheán Fómhair na bliana úd in *Gorseth Kernow*, is é sin cruinniú na mbard. Bhíomar uile gléasta i róbaí deasa gorma ag siúl go maorga inár mbeirteana chuig ciorcal an tsearmanais. Bhí mise ag Coirniseoireacht leis an bhfear óg taobh liom. Más buan mo chuimhne is ollamh le Ceiltis i Meiriceá Thuaidh an duine céanna anois. Ar aon dath is ag cabaireacht i gCoirnis a bhíomar. Bhí fear mór agus mór le rá romhainn agus meirge nó *banner* á iompar aige. Ní raibh ach cúpla céad slat siúlta againn, nuair a chas fear an mheirge orainn agus dúirt i mBéarla, mura miste leat: *‘Don’t talk in the procession.’* Is ag an nóiméad sin a thuig mé gur stuama an mhaise dom teacht go hÉirinn, mar in Éirinn bhí an teanga Cheilteach fós á labhairt.

Is beag baint a bhí agam le gluaiseacht na Coirnise go dtí fiche bliain ina dhiaidh sin. De réir na dtuairiscí a bhí ag teacht amach as Corn na Breataine, bhí líon na gcainteoirí ag méadú. Nuair a chuaigh mé ar ais, áfach, is beag feabhas a bhí le feiceáil ó thaobh na cainte de. Bhí drogall ar dhaoine i gcónaí aon Choirnis a úsáid. Bhídís sásta labhairt fúithi ach ní fhéadfaidís nó ní thogróidís í a úsáid mar mheán cumarsáide. I mí Eanáir na bliana seo (2009) bhí mé i láthair ag comhdháil

lae in Lostwithiel sa Chorn agus ba é an t-ábhair a bhí á phlé teanga na Coirnise sna blianta amach romhainn. Fógraíodh ag tús na n-imeachtaí go raibh áiseanna aistriúcháin chomhuainigh ar fáil; go bhféadfadh duine ar bith dá bharr sin caint a thabhairt i gCoirnis dá mba mhaith leo, agus go gcuirfí aistriúchán Béarla ar fáil do na daoine nach dtuigfeadh é. Agus cé mhéad duine a bhain feidhm as an gcóras aistriúcháin úd, an dóigh libh? Níor bhain duine ar bith. Is cruinniú a bhí ann a glaodh chun staid na teanga amach anseo a phlé, ach is i mBéarla a labhair gach uile dhuine. Ní raibh duine ar bith sásta Coirnis a labhairt sna seascaidí, agus breis is tríocha bliain ina dhiaidh sin is beag feabhas a bhí tagtha ar an scéal. Cé gur mó líon na gcainteoirí sa bhliain 2009 ná sna seascaidí, a deirtear, bhí an drogall céanna orthu an teanga a úsáid. Bhí sí acu ach ní labhróidís í.

Cén fáth mar sin nach raibh níos mó Coirnise le cloisteáil? An freagra simplí air sin: níl aon Choirniseoir ó dhúchas ann. Níl aon duine ann chun aithris a dhéanamh air. Cailleadh cainteoirí dúchais deireanacha na Coirnise ag deireadh an ochtú haois déag. Deirtear gurbh í Dolly Pentreath a cailleadh sa bhliain 1777 an duine ba dhéanaí, ach tá a fhios againn gur mhair ina diaidh daoine a raibh eolas traidisiúnta acu ar an teanga. Is cinnte, áfach, go raibh an Choirnis marbh mar theanga phobail faoin mbliain 1780 ar a dhéanaí. Mhair daoine a raibh an Phaidir agus an Chré agus giotáí eile Coirnise de ghlanmheabhair acu go dtí lár an naoú haois déag. Ach faoin am ar tosaíodh ar an athbheochan, ag tús an fichiú haois, bhí bearna iomlán ann. Bhí ar lucht na hathbheochana an Choirnis a atógáil ó logainmneacha, ó na téacsanna liteartha bhí ar caomhnú agus ar na focail de bhunús Ceilteach a bhí fós le cloisteáil i gcanúint Bhéarla Chorn na Breataine. Ach ba í easpa aon chainteora ó dhúchas an deacracht ba mhó, agus sin é an rud atá fós ag cur laicise ar an teanga.

Mura bhfuil cainteoirí ó dhúchas ann, níl aon duine ann leis an teanga a chur os comhair na bhfoghlaimoirí. Mura bhfuil cainteoirí ó dhúchas ann, má éiríonn leat an teanga a labhairt, ní bhíonn a fhios agat dáiríre an teanga cheart atá ar bun agat, mar níl aon duine ann le thú a cheartú, nó a rá nach dtuigeann sé thú. Ní féidir leat a bheith cinnte faoin bhfoghraíocht ná faoi thuin na cainte. Go hiondúil is é an duine is fearr a fhoghlaimíonn teanga iasachta an duine is fearr atá in ann aithris a dhéanamh ar chainteoirí dúchasacha. Mura bhfuil cainteoirí dúchasacha ann, ní féidir tabhairt faoi aithris a dhéanamh orthu.

Tá teangacha eile ann a d'éag amach ar fad agus a ndearnadh athbheochan orthu. Is dócha gurb iad an dá cheann is suntasaí an Eabhrais, *Ivrit*, atá á labhairt in Iosrael, agus an Mhanainnis in Oileán Mhanann. Is í an Eabhrais teanga oifigiúil Iosrael ach ar feadh i bhfad ní raibh cainteoir ó dhúchas ar bith aici. Ansin ag deireadh an naoú haois déag tosaíodh ar an Eabhrais a úsáid arís mar theanga laethúil i measc Ghiúdaigh na Tíre Naofa, agus anois tá breis agus seacht milliún cainteoir aici. D'imigh an Eabhrais ar fad agus tháinig sí ar ais, agus tá sí slán